



Riarthóir Pá agus Scéimeanna Fostaíochta Pobail Post ar Chonradh Bliana

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh bliana do dhuine cumasach i riaradh scéimeanna fostaíochta pobail agus le líofacht Ghaeilge le hoibriú in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Beidh na tréithe/na scileanna seo a leanas ag an té a cheapfar sa phost:

- Scil sa chumarsáid agus in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon,
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa,
- Sárscileanna riaracháin,
- Ard-chumas scileanna ríomhaireachta,
- Tuiscint leathan ar obair na heagraíochta agus ar chúrsaí Gaeltachta.

Dualgais

- Comhad nua a oscailt do gach scéim agus a choinneáil suas go dáta i rith saol na scéime,
- Iarratais a thagann óna Scéimeanna Fostaíochta Pobail a phróiseáil agus a íoc, chomh maith le héileamh a sheoladh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí,
- Teagmháil rialta le feidhmeannaigh ón Roinn Coimirce Sóisialaí,
- Buiséid a ullmhú agus a bhainistiú do na Scéimeanna Fostaíochta Pobail,
- Ráiteas Ioncam agus Caiteachas a ullmhú do gach Scéim Fostaíochta Pobail a thagann chun críche agus a sheoladh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí

Tá tuarastal ar scála pá Oifigeach Cléireachais na Státseirbhíse €26,599 - €43,249. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ard-Oifig an Údaráis, Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an 4in 24 Feabhra 2023 chuig foluntais@udaras.ie nó chuig:

An Feidhmeannach Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.

*Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.*